# Scoláireacht Chuimhneacháin
# Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéilleachair)

---

# Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéilleachair)
# Memorial Scholarship

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*








**Oonagh Bean Uí Chéilleachair**
Inaugural Irish Language Officer
with Mayo County Council

*'Sonas Ort'*

# Cúlra

Is é is aidhm leis an scoláireacht seo ná tionchar ollmhór Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéilleachair) ar chur chun cinn na Gaeilge ina ról mar chéad-Oifigeach Teanga le Comhairle Contae Mhaigh Eo a chomóradh. Bhí tiomantas láidir ag Oonagh do rannpháirtíocht dhearfach leis an nGaeilge trí imeachtaí ionchuimsitheacha, cruthaitheacha agus thar aon rud eile, taitneamhacha, a chothaigh naisc phobail agus a chruthaigh caidrimh shóisialta. Bhí fíormheas ag Oonagh ar na healaíona agus thuig sí luach na meán cruthaitheach, ar nós na hamhránaíochta, na drámaíochta agus na litríochta, chun rannpháirtíocht leis an nGaeilge a chothú. Trína cuid oibre ar fad, choinnigh Oonagh béim láidir ar chuimsiú agus chinntigh sí go raibh deiseanna ar fáil do gach ball den phobal a bheith páirteach i saol na Gaeilge. D'oibrigh sí go dian dícheallach ar son pobal agus ar son na teanga.

Ag tarraingt ar éachtaí agus réimsí spéise Oonagh, is iad seo a leanas aidhmeanna na scoláireachta seo:

- Aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí den scoth sna healaíona teangabhunaithe agus i gcur chun cinn na Gaeilge atá ar siúl ag mic léinn as Maigh Eo
- Tacaíocht airgeadais a thabhairt do na mic léinn sin leanúint lena gcuid staidéir agus a gcuid iarrachtaí san obair phobail nó sna healaíona teangabhunaithe trí Ghaeilge
- Tacú le forbairt bhreise scileanna na mac léinn agus iad a spreagadh trí mheantóireacht agus naisc phobail a chothú
- Tacú le mic léinn a gcuid scileanna a chur i láthair an phobail agus a bheith mar ambasadóirí don Ghaeilge i gContae Mhaigh Eo.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tar éis dul i gcomhpháirt le Pobail Ildána Mhaigh Eo chun an scoláireacht seo, a bhfuil rannpháirtíocht agus cruthaitheacht mar chuid lárnach di, a mhaoiniú.

## An Scoláireacht

Bronnfar an scoláireacht seo ar mhac léinn atá gníomhach sna healaíona teangabhunaithe, nó i gcur chun cinn na Gaeilge sa phobal, agus a rachadh tacaíocht airgeadais chun tairbhe dó nó di.

Beidh trí ghné i gceist leis an scoláireacht don tréimhse 12 mhí:

- Duais airgid ar luach €3,000, maoinithe ag Pobail Ildána Mhaigh Eo
- Trófaí buan
- Tacaíocht forbartha ó Oifig na Gaeilge, Pobail Ildána Mhaigh Eo nó Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo chun gníomhaíocht ealaíon nó phobail a dhéanamh le linn thréimhse na scoláireachta.

## Incháilitheacht

1. Ní mór d'iarratasóirí a bheith gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge sa phobal, nó sna healaíona teangabhunaithe.

2. Is éard atá i gceist leis "na healaíona teangabhunaithe" sa chomhthéacs seo, gach cineál ealaíne a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhchuid di. Áirítear amhránaíocht, filíocht, scríobhneoireacht chruthaitheach, scríbhneoireacht scripte, meáin dhigiteacha, amharclannaíocht agus scannánaíocht trí Ghaeilge leis seo, ach níl sé teoranta don mhéid sin. Má tá ceist ag iarratasóirí faoi fhoirmeacha ealaíne incháilithe, is féidir teagmháil a dhéanamh le gaeilge@mayococo.ie.

3. Ní mór go mbeadh cumas láidir agus tiomantas ag na hiarratasóirí don Ghaeilge.

4. Ní mór go mbeadh iarratasóirí cláraithe ar chlár oideachais tríú leibhéal lánaimseartha don bhliain acadúil 2024-2025. Áirítear leis seo cúrsaí iar-ardteisteiméireachta, cúrsaí fochéime agus cúrsaí iarchéime ag leibhéal máistreachta agus PhD, ar cúrsaí iad atá faofa ag SUSI. Tá tuilleadh eolais ar chúrsaí atá faofa ag SUSI ar fáil anseo. Má tá ceisteanna agat faoi seo, déan teagmháil le gaeilge@mayococo.ie.

5. Glacfar le hiarratais ó mhic léinn a bhfuil cónaí orthu i Maigh Eo, nó arb as Maigh Eo dóibh, agus uathu sin amháin.

## Próiseas Iarratais

Déanfaidh painéal moltóirí neamhspleácha seachtracha an measúnú, bunaithe ar iarratas scríofa agus agallamh ar líne.

**A)** Ní mór foirmeacha iarratais ar líne a chur isteach faoin 14 Deireadh Fómhair 2024 ag an nasc seo a leanas: Scoláireacht Chuimhneacháin Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéilleachair) | Foirm Iarratais

Más maith leat, féadfaidh tú sampla de do chuid oibre sa phobal nó do chuid ealaíne a chur isteach. I measc na nithe a nglacfar leo tá:

- Ábhar poiblíochta (m.sh. póstaer, ábhar ar na meáin shóisialta, leathanach gréasáin) ó imeacht, tionscnamh nó gníomhaíocht phobail a raibh tú páirteach ann
- Grianghraif nó físeán ó imeacht nó tionscnamh pobail
- Sampla de do chuid ealaíne

Má tá ceisteanna agat faoinar féidir a chur isteach sa chuid seo, déan teagmháil le gaeilge@mayococo.ie.

**B)** Cuirfear glaoch ar iarratasóirí ar an ngearrliosta chun agallaimh sna chéad seachtainí de mhí na Samhna.

## Measúnú

Déanfar na hiontrálacha a mheas bunaithe ar na critéir seo a leanas:

| Critéir | Bonn Measúnaithe | Marcanna |
|---|---|---|
| A bhfuil bainte amach go dtí seo | Tiomantas an iarratasóra do chur chun cinn na Gaeilge nó do na healaíona teangabhunaithe, cáilíocht agus cruthaitheacht na hoibre, agus an méid ar spreagadh rannpháirtíocht ó dhaoine eile léi. | 40 |
| Luach na scoláireachta don iarratasóir | An luach a bheidh sa scoláireacht seo ó thaobh acmhainn agus obair an iarratasóra a fhorbairt, go háirithe i bhfianaise chúlra an iarratasóra agus aon dúshlán airgeadais a bhí rompu roimhe seo a chuir bac orthu lán a gcumais a bhaint amach. | 40 |
| Gníomhaíocht phobail nó ealaíne bheartaithe (féach Freagrachtaí an Bhuaiteora thíos) | An méid a chothóidh an ghníomhaíocht phobail nó ealaíne atá beartaithe ag an iarratasóir, a bheidh mar chuid den scoláireacht, spéis nó rannpháirtíocht sa Ghaeilge nó sna healaíona teangabhunaithe. | 20 |

## Freagrachtaí an Bhuaiteora

Mar choinníoll ar an scoláireacht, beidh ar an bhfaighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

A. Mionghníomhaíocht phobail nó ealaíne a eagrú nó a chruthú. Is féidir brí leathan a bhaint as sin agus glacfar le réimse leathan gníomhaíochtaí e.g. píosa ealaíne nó ábhar digiteach a chruthú, iarratas ar mhaoiniú breise a chur le chéile, imeacht pobail a eagrú, teagasc nó meantóireacht a dhéanamh, cur isteach ar chomórtas amhail Oireachtas na Samhna, srl.

B. Páirt a ghlacadh in a) clár Sheachtain na Gaeilge Chomhairle Contae Mhaigh Eo i Márta 2025 agus b) Cruinniú na nÓg Mhaigh Eo (lá náisiúnta na cruthaitheachta do dhaoine óga) i mBealtaine 2025. Tá tuilleadh eolais faoi Chruinniú na nÓg ar fáil anseo.

Tacóidh Oifig na Gaeilge, Pobail Ildána Mhaigh Eo nó Oifig Ealaíon Mhaigh Eo leis an bhfaighteoir sna hiarrachtaí thuas, de réir mar is cuí.

## Spriocdháta agus Ceisteanna

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe agus doiciméid thacaíochta a chur isteach tríd an ardán Consult ag an nasc thíos roimh **12:00 meán lae, Dé Luain an 14 Deireadh Fómhair 2024**.

**Foirm Iarratais:** Scoláireacht Chuimhneacháin Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéilleachair) | Foirm Iarratais

**Is féidir ceisteanna** faoi aon ghné den iarratas a sheoladh chuig gaeilge@mayococo.ie.




Teaghlach Oonagh, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus baill foirne de chuid na Comhairle ag seoladh na scoláireachta i Leabharlann an Chontae.

Líne chúil: Austin Vaughan, Leabharlannaí an Chontae, Skyler Kelleher (neacht), Ita Kelleher, Seán Kelleher, Siobhán Kelleher (siblíní), Fionnuala Nic Phaidín, Oifigeach Gaeilge.

Líne thosaigh: Ann Marie McGing, Oifigeach Ealaíon, Caoimhín Ó Súilleabháin (fear céile), Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Comhairleoir John O'Hara, Pat Kelleher (athair), Joanne Grehan, Stiúrthóir Seirbhísí.

Grianghraif chlúdaigh foilsithe le caoinchead ó Halla Ealaíon an Línéadaigh, Ballinglen Arts Foundation, Ryan Gallagher agus Pobal Dhú Éige.